

Comórtas Staidrimh na hEorpa



An
Phríomh-Oifig
Staidrimh

Central
Statistics
Office

Comórtais CSO

Comórtas Staidrimh na hEorpa

Is é is aidhm le **Comórtas Staidrimh na hEorpa** ná cuidiú le daoine óga foghlaim faoi staitisticí ar bhealach spraiúil spreagúil. Ina theannta sin, spreagtar múinteoirí chun modhanna úra a úsáid nuair atá siad ag teagasc faoi staitisticí. Luíonn an CSE le cur chun cinn úsáid fíricí a eascraíonn as staitisticí oifigiúla agus le cur chun feidhme tuiscint staitistiúil foghlamtha.

Cé ar féidir leo páirt a ghlacadh?

Tabharfaidh an Príomh-Oifig Staidrimh cuireadh do bhuaiteoirí an chomórtas John Hooper a bheith páirteach agus pléifear na riachtanais leo ag an bpointe sin.

Conas páirt a ghlacadh:

Beidh ar fhoirne páirteacha físeán a chumadh ina mínítear coincheap staitistiúil. Beidh uasmhéid dhá nóiméad leis na físeáin seo agus cuirfear an topaic roghnaithe in iúl d'fhoirne mí Márta 2025. Caithfidh iomaitheoirí, trí thagairt a dhéanamh do staitisticí iomchuí, comparáid a dhéanamh idir a dtír/réigiún féin agus an chuid eile den Eoraip, ag leagan béime ar athróga suimiúla le hais meánmhéid/meánráta/eile na hEorpa.

Duaiseanna



Gheobhaidh gach ball agus comhairleoir ar na foirne a bhuann sa dá chatagóir aoise:

- teastas gaisce
- dearbhán bronnantais ar luach €400
- foilseacháin agus ábhair dhea-mhéine Eurostat

Cén fáth ar chóir a bheith páirteach?

Ar na cuspóirí is mó leis an CSE tá cothú fiosrachta agus suime i measc daltaí. Moltar múinteoirí chomh maith chun uirlisí nua a úsáid le staitisticí a theagasc. Déantar seo trí úsáid sonraí fíorúla as staitisticí oifigiúla a chur chun cinn agus trí bealaí cur chun feidhme a aimsiú don tuiscint staitistiúil foghlamtha. Anuas air sin, tá sé mar rún leis an gcomórtas an ról atá ag staitisticí i ngnéithe éagsúla den tsochaí a léiriú do dhaltaí agus múinteoirí. Cuirtear obair foirne agus comhoibriú i measc daltaí chun cinn ar mhaithe le spriocanna comónta a bhaint amach.

Sceideal an Chomórtais

Tá sceideal an chomórtais do 2025 fós le deimhniú. Go hiondúil, bíonn sé ar siúl sa tréimhse Aibreán go Méitheamh.

Le haghaidh breis eolais, féach www.cso.ie/en/baile/rannanml